

-
- | | | |
|----|--|---|
| 1. | Cad a rinne tú an tseachtain seo?
<i>Bhí mé ag ...</i>
<i>Chuaigh mé go (dtí an) ...</i>
<i>Chonaic mé ...</i>
<i>D'ith mé ...</i> | What did you do this week?
<i>I was at ...</i>
<i>I went to (the) ...</i>
<i>I saw ...</i>
<i>I ate ...</i> |
| 2. | Cad a dhéanfaidh tú ar son Lá Fhéile Pádraig? | What will you do for St. Patrick's Day? |
| 3. | An íosfaidh tú bia faoi leith do Lá Fhéile Pádraig? | Will you eat special food for St. Patrick's Day? |
| 4. | An ndeachaigh tú riamh siar go áit a raibh tú nuair a bhí tú óg? | Did you ever go back to a place you were when you were young? |
| 5. | Ar chum tú riabh dán nó scéilín faoi rud éigin i do shaol féin? | Did you ever compose a poem or a little story about something in your own life? |

Bailte - Ráth Chairn, Leanúint (TG4) Towns Rathcairn, Cont. (TG4)

1. Nuair a tháinig siad aniar i dtosach, bhí an dream thíos sa taobh eile den bhaile thagtha sé mhí *rothub* (rompu).
When they came over at first, there was the old group on the other side of town who had come six months before them.
2. Agus bhí fear amháin ann, Tóma Shéamuis. Sin a thug an t-ainm ar an mbóthar seo anois a bhfuil muid ag siúl air.
And there was one man, Tóma Shéamuis. That's who gave the name to this road that we are walking on now.
3. Ní raibh an bóthar ann. Ach cineál cosán, an dtigeann tú, a bhí ann.
The road wasn't there. But it was, you understand, a kind of path.
4. Á cibé a thiocthas anseo, 'sé a dúirt sé "Tádar i Liombó."
"Whoever comes here," he said that, "They are in Limbo."
5. Agus tá Liombó tugtha ar an áit ó 1935 (naoi déag triocho a cúig).
And this place has been called Limbo since 1935.
6. Ar an mbóthar seo i gcónaí?
Ar an mbóthar seo.
Agus tuige Liombó?
This road all along?
This road.
And why Limbo?
7. Deir siad ariamh fáil bás go gcaithfeadh sé píosa a chaitheamh i Liombó sula dul go Flaitheas. Ann don spraoi.
It was said that when you died you had to spend some time in Limbo before going to Heaven. For fun.
8. An chéad dream a tháinig thíos sa taobh seo anois. An Seanbhaile a thugtar air.
The first group that came, down on this side now. It's called The Old Town.
9. 'Siad an dream a tháinig go deireanaí an taobh seo, thug An Seanbhaile air.
It's the people that came later to this side that called it The Old Town.
10. Agus an dream thíos ansin, thug siad An Baile Nua ar an áit seo.
And the group down there, they called this place The New Town.
11. Cé go raibh siad anseo sé mhí in ndiaidh. Sin é. Sin é.
Although they were here six months after them. That's it. That's it.

- | | |
|--|--|
| 12. Seo an pháirc. Sea. Seo paircín beag anois in ómós don, á, bhuel, don dream a tháinig aniar. | This is the park? Yes. This is a little park in honor of, ah, well, the group that came over. |
| 13. Seo leac anois a cuireadh suas, á, b'fhéidir scór blianta ó shin nó mar sin. | This now is a plaque that was put up, ah, perhaps twenty years ago or so. |
| 14. Ainmneacha an dream a tháinig. Sin anois muintir mo mháthar ansin. Pádraic Choilmín as Inis Treabhair. Tá sé ansin. | The names of the group that came. These now are my mother's people. Pádraic Choilmín from Inis Treabhair. He is there. |
| 15. Muintir m'athar ansin. Seáinín Mháire Bheairtle. | My father's people there. Seáinín Mháire Bheairtle. |
| 16. Ar labhair beagán de na daoine seo faoin, an coinne a rinne siad <i>thíocht</i> (teacht). | Did a few of these people speak about the, the decision they made to come. |
| 17. Bhuel, níl an oiread sin a labhair siad air, ach tháinig siad. | Well, they didn't speak much about it, but they came. |
| 18. Ar ndóigh, bhí sé aisteach ag an tseandream, an dtuigeann tú. | Of course, it was strange for the old folks, you understand. |
| 19. Bhí siad ag cuimhneamh ar an dream a bhí le teacht ina ndiaidh. | They were thinking about the people that would come after them. |
| 20. An ghlúin a bhí ag teacht ina ndiaidh agus an ghlúin a bhí ag teacht ina ndiaidh sin. | The generation that was coming after them, and the generation that was coming after them. |
| 21. Agus, nuair a dhéanadh an choinne, táimid ag glacadh leis agus táimid ann. | When the decision was made, we are accepting it and we are here. |
| 22. Agus, ar bhealach, bhí formhór anois de na fir agus na mná a bhí <i>acub</i> (acu), bhíodar i Meiriceá sular dtáinig siad go Contae na Mí ar chor ar bith. | And, in a way, now, most of the men and women they had, they were in America before they came to County Meath at all. |
| 23. Go leor <i>acub</i> (acu), b'fhéidir leath, cheapfainn. Is túisce a bhíodar i Meiriceá ná i gContae na Mí. | A lot of them, perhaps half of them, I would think. It's sooner that they were in America than County Meath. |

- | | | |
|-----|--|--|
| 24. | An dtéann tú siar go minic?
Téim chomh minic is féidir liom. | Do you go back often?
I go as often as I can. |
| 25. | Agus nuair a chuaigh mise siar go
Conamara i dtosach bhí mé dhá bhliain
déag. | And when I went back to Connemara at
first I was 12 years old. |
| 26. | Agus ní raibh a fhios agam cá raibh mé
ag dul. Mar a bheinn ag dul ar an
ngealach. | And I didn't know where I was going.
As if I were going to the moon. |
| 27. | Chum mé agallamh beirte fadó.
Chuaigh sé <i>rud éicint</i> (rud éigin) mar
seo. | I wrote a two-person dialog a long time
ago. It went something like this. |
| 28. | “Nach aisteach na smaointe atá ag
rothlú faoi m'intinn... | “Aren't the thoughts strange that are
rolling through my mind... |
| 29. | is nach aisteach an t-athrú atá tagtha sa
saol. | and isn't it strange the change that has
come to the world. |
| 30. | Breathnaigh anois ormsa abhus i Ráth
Chairn. | Look at me now here in Rathcairn. |
| 31. | Faraor géar dearfa nach raibh mé i dTír
an Fhia.” | It's really a great pity that I'm not in Tír
an Fhia.” |
| 32. | Agus ansin, fear Chontae na Mí:
“Níor airigh mé ariamh ach ag
caoineadh Chonamara. | And then the Meath Man:
“All I ever hear is lamenting for
Connemara. |
| 33. | Ní fhaca mise tada ann ach clocha is
fraoch. | I didn't see anything there but rocks and
heather. |
| 34. | Tá neart asail is sléibhte ann le feiceáil
go fairsing. | There are lots of donkeys and mountains
to be seen everywhere. |
| 35. | Nach fearr i bhfad an talamh atá i
gContae na Mí.” | Isn't the land much better that's in
County Meath? |
| 36. | Agus choinnigh mé orm. 25 véarsa
(cúig véarsa fichhead) trí chéile. | And I kept on. Twenty five verses
altogether. |

Ceisteanna

Questions

- | | | |
|-----|---|---|
| 1. | An leasainm maith é „Liombó” don áit? | Is “Limbo” a nice nickname for the place? |
| 2. | Cad iad na hainmneacha a bhí ar an dá chuid den bhaile? | What are the names that the two parts of the town had? |
| 3. | Cad atá greanta ar an leac sa pháirc? | What is engraved on the plaque in the park? |
| 4. | Ar tháinig an seandream go Ráth Chairn ar a son féin? | Did the old group come to Rathcairn for their own sake? |
| 5. | Cá ndeachaigh cuid mhaith de na daoine sular tháinig siad go Ráth Chairn? | Where did a good number of the people go before they came to Rathcairn? |
| 6. | Cén aois a bhí Máirtín nuair a chuaigh sé go Connemara don chéad uair? | How old was Martin when he went to Connemara for the first time? |
| 7. | Cad a chum Máirtín? | What did Martin compose? |
| 8. | Cé mhéad véarsa atá ann, trí chéile? | How many verses does it have, altogether? |
| 9. | Cé atá ag caint ann? | Who is talking in it? |
| 10. | Cén rud atá níos fearr i gContae na Mí? | What is better in County Meath? |